

## AN BRADÁN FEASA



Tá an Bradán fite go dlúth linne agus lenár stair. Chothaigh an t-iasc maorga seo ár sinsir leis na cianta agus bhí meas as cuimse againn air mar is samhailchomhartha é ar thimpeallacht glan agus folláin.


Tá an scéal 'An Bradán Feasa' mar chuid dár miotaseolaíocht. Bíonn scéal an Bradán Feasa ag inis dúinn fá caidé mar a fuair Fionn Mac Cumhaill a chuid eolais nó '**fios**'. Dár leis an scéal, d'ith an Bradán Feasa naoi gcollchnó, a thit ó naoi gcrann coill, isteach i *dTobar Segais*. Is tríd an eachtra seo a thóg an Bradán '*Fíos an Domháin*', agus cibé duine a d'ith a Bradán Feasa seo bheadh fios an tsaoil aige. Ba thríd tarlúint na cinniúna a d'ith an buachaill óg Fionn an Bradán Feasa agus a thóg fios uile an tsaoil.

Bhí ómos ag ár sinsir ar an bhradán mar ainmhí fiáin. Chothaigh an bradán iad tríd a fheoil agus thug sé spreagadh dóibh. Chonacthas an bradán mar iasc draíochtúil mar chaith sé a shaol idir dhá dhomhain, fionnuisce an tsrutha agus sáile na mara. Is dóiche is mar gheall ar an ábaltacht a bheith beo idir dhá dhomhain go raibh nasc idir an Bradán agus '*na daoine maíthe*' ins an '*saol úd eile*'

## SAOLRÉ AN BHRADÁIN

Tá saolré an bhradáin suntasach, sceitheann siad a nuibheacha ar ghriothal glan ar ghrinneall na habhann. Nuair a bhriseann an bradán amach as an uibh bheirtear **geiteóg** air. De réir mar a fhásann sé is brea leis an bhradán óg a bhfuil anois **gilidín** air uisce reatha glan. Is ansin caitheann siad a n-óige dá gcothú féin ar fheithidí.

Agus dá nó trí bliana caite acu sa abhainn athraíonn an bradán a bhfuil anois **muóg** air a cheimic choirpe. Éiríonn an bradán níos gille go dtig dath an airgid air, faoin am seo bíonn sé réidh le dul isteach in uisce na farraige. Beirtear **brainlín** ar an bhradán anois. Tosaíonn an bradán aistear iontach trasna na farraige, in amanna chomh fada leis an **Ghraonlainn**. Le linn an ama seo bíonn siad ag ithe, ag snámh agus ag fás!. Ina dhiaidh bliana nó dhó tig an bradán ar ais chuig abhainn a óige, agus is minic tagann siad ar ais chuig an chuid den abhainn inar rugadh iad. Is cinnte le scileanna loingseoireachta mar seo gurbé an Bradán Feasa atá ann go cinnte



## SNÁMH IN AGHAIDH AN EASA

Deirtear go minic sa chaint go mbíonn tú ‘**ag snámh in aghaidh an easa**’ nuair a shíltear go bhfuil an obair a bhfuil tú ag déanamh dó-dhéanta, ach is féidir leis an bhradán snámh suas easanna agus é an teacht abhaile go dtig barr na abhainn. B’fhéidir go bhfuil an Bradán Feasa ag teagasc dúinn an dóigh le coinneáil ar aghaidh leis an obair chrua agus gan éirí as!

## BÍONN UISCE GLAN AGUS GLINNTE FOLLÁIN DE DHÍTH AG NA BRADÁIN

Bíonn an bradán agus a ghaol, an breac, beo beithíoch in aibhneacha na nGlinnte Aontroma mar a bhí leis na cianta. Bíonn uisce glan, reatha de dhíth orthu. Bíonn an bradán fá bhagairt ó uisce salach a feirmeacha agus na dabhcha múnlaigh. Bíonn ceimicí mar leacht tumtha na gCaorach srl. contúirteach dóibh fosta.

### Fíricí faoin bhradán:

[www.atlanticsalmontrust.org/learning-zone/index.html](http://www.atlanticsalmontrust.org/learning-zone/index.html)

<https://www.youtube.com/watch?v=oT-dy04pTLE>

<http://www.somethingfishy.ie/>

### Tuilleadh eolais faoi... An Bradán Feasa and Fionn Mac Cumhaill:

[www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/3rd-+4th-class/irish-3rd-+4th-](http://www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/3rd-+4th-class/irish-3rd-+4th-)